# CLÁR


**Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** 3

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 4

**1. Maidir le hOíche Chultúir Dhéanach** 5

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana 5

1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 6

1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 7

1.4 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh? 7

1.5 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? 9

1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas? 9

1.7 Incháilitheacht 11

**2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh** 12

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 12

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 13

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 13

2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne 15

**3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 17

3.1 Forbhreathnú 17

3.2 An próiseas measúnaithe 17

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 17

3.4 Painéil phiaraí 18

3.5 Toradh na n-iarratas 19

# 1. Maidir le hOíche Chultúir Dhéanach

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Dearadh Oíche Chultúir Dhéanach chun tacú le himeachtaí a gcuirfear tús leo i ndiaidh 9 p.m. agus a leanfaidh ar aghaidh go déanach san oíche ar Oíche Chultúir, Dé hAoine an 20 Meán Fómhair 2024. Is éard atá i gceist leis an dámhachtain ná príomhimeachtaí ealaíon níos ionchuimsithí agus nuálaí le bheith ar siúl déanach san oíche agus atá feiliúnach do réimse cineálacha lucht féachana a spreagadh. Ba cheart go meallfadh imeachtaí lucht féachana mór éagsúil agus go gcuirfí níos mó éagsúlachta ar fáil dá n-eispéireas Oíche Chultúir go déanach san oíche.

Tacóidh an dámhachtain

a) le príomhimeachtaí déanach san oíche, a bhfuil áit iontu do os cionn 500 duine, arna aithint agus arna stiúradh ag oifig ealaíon de chuid údarás áitiúil i gcomhpháirtíocht le hionad ealaíon/eagraíocht ealaíon/féile ealaíon amháin nó níos mó agus/nó coimeádaí amháin nó níos mó, **nó**

b) le príomhimeachtaí déanach san oíche, a bhfuil áit iontu do os cionn 500 duine, arna stiúradh ag ionad ealaíon/eagraíocht ealaíon/comhlacht léiriúcháin/féile ealaíon i gcomhpháirtíocht leis an oifig ealaíon de chuid údarás áitiúil faoi seach **agus** le comhpháirtithe ealaíon eile.

Tá bunús na scéime daingnithe sna beartais atá leagtha síos i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (féach anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/) agus i d*Tuarascáil an Tascfhórsa Geilleagair Oíche* (féach anseo: https://www.gov.ie/en/publication/c1ba7-report-of-the-night-time-economy-taskforce/) de chuid Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo:

- **Spás poiblí:** tábhacht áiteanna agus spásanna roinnte inrochtana agus an chaoi a n-úsáidtear iad seo/ar féidir iad seo a úsáid chun an pobal a mhealladh a bheith rannpháirteach trí na healaíona – e.g. spásanna lasmuigh (páirceanna, sráideanna, cearnóga baile) agus foirgnimh/spásanna poiblí nach n-úsáidtear de ghnáth do na healaíona agus aird chuí á tabhairt ar cheadanna agus cuirfiúnna fuaime de réir mar a bhíonn siad i gceist go háitiúil
- **Sármhaitheas ealaíne:** cur chuige uaillmhianach agus comhoibritheach ar ardchaighdeán i leith gníomhaíochtaí ealaíne iontacha i bhfoirm/bhfoirmeacha ar bith nó i gcleachtas ar bith ealaíne
- **Comhpháirtíocht:** i.e. comhpháirtithe ábhartha ealaíon agus poiblí a shainaithint ar féidir leo tacú le himeacht Oíche Chultúir Dhéanach a sheachadadh
- **Rannpháirtíocht an phobail agus ionchuimsitheacht:** i.e príomhchúinsí a bheith ann maidir le rochtain, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht de réir Bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht na Comhairle

Ealaíon, a théann i ngleic leis na dúshláin a leagtar amach ar na leathanaigh 12–13 de *Thuarascáil an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche*

- **Tacú le healaíontóirí:** an cleachtas is fearr a chinntiú maidir le healaíontóirí a íoc de réir an bheartais Luach Saothair don Ealaíontóir agus an aird chuí a thabhairt ar obair le healaíontóirí atá faoi mhíchumas
- **Tacaíocht airgeadais:** méid na hinfheistíochta airgid agus/nó comhchineáil ón gcomhpháirtí tacaíochta/ó na comhpháirtithe tacaíochta. Ní mór dó sin a bheith 40% ar a laghad de chostais iomlána an imeachta.
- **Oscailte agus saor in aisce don phobal:** is gá go mbeadh imeachtaí saor in aisce don phobal, agus go mbeadh socruithe maidir le ticéid nó réamh-áireamh ann de réir mar is cuí
- **Ag tosú ag 9 p.m.** nó níos déanaí agus ag leanúint ar aghaidh go déanach san oíche agus an aird chuí tugtha ar uaireanta oscailte ceadúnaithe, ceadanna, cuirfiúnna fuaime, srl., de réir mar atá i gceist go háitiúil.

## 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

- Tá an dámhachtain **oscailte d'oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil (lena n-áirítear Ealaín na Gaeltachta), féilte ealaíon, ionaid ealaíon, comhlachtaí léiriúcháin agus eagraíochtaí ealaíon amháin** chun imeacht Oíche Chultúir Dhéanach a chur ar bun i spás nó in áit phoiblí.
- Ní mór do na hiarratasóirí:
  a) A bheith ina n-oifig ealaíon de chuid údarás áitiúil i gcomhpháirtíocht le hionad ealaíon/eagraíocht ealaíon/féile ealaíon/léiritheoir/coimeádaí/comhlacht léiriúcháin amháin nó níos mó, **nó**
  b) A bheith ina n-ionad ealaíon/eagraíocht ealaíon/féile ealaíon/comhlacht léiriúcháini gcomhpháirtíocht le hoifig ealaíon de chuid údarás áitiúil agus le comhpháirtithe ealaíon/ealaíontóirí eile.
- I gcomhpháirtíochtaí ina gcáilíonn níos mó ná iarratasóir amháin mar phríomhiarratasóir, is faoi lánrogha na gcomhpháirtithe é an príomhiarratasóir a shainaithint.
- Is gá go mbeadh baint ag Oifig Ealaíon de chuid údarás áitiúil, arb iad comhordaitheoirí áitiúla Oíche Chultúir, leis na hiarratais uile. I measc comhpháirtithe féideartha eile tá ionaid ealaíon, eagraíochtaí ealaíon, féilte ealaíon, ealaíontóirí, grúpaí/eagraíochtaí/comhlachtaí léiriúcháin/gníomhaireachtaí etc. nach bhfuil baint acu leis na healaíona.
- Ceadófar d'eagraíochtaí nach eagraíochtaí ealaíon iad a bheith mar chomhpháirtithe sa tionscadal ar an gcoinníoll go mbeidh dhá chomhpháirtí ealaíon ann freisin, nó líon is airde ná sin.
- Is ionann an t-iarratasóir agus an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais.
- Ní íocfar aon deontas ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an phríomhiarratasóra.
- Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an phríomhiarratasóra áitiúil atá ag cur iarratas isteach.

